# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2009

# LÉANN CLASAICEACH – ARDLEIBHÉAL

**(400 marc)**

DÉ CÉADAOIN, 17 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 go 5.00

- Tá ceisteanna ar DHEICH dTOPAIC ar an scrúdpháipéar seo.

- Tá na topaicí roinnte ina dtrí ghrúpa mar seo a leanas:

  Grúpa I : Na Topaicí 1 go 4.
  Grúpa II : Na Topaicí 5 go 7.
  Grúpa III: Na Topaicí 8 go 10.

- Ní mór d'iarrthóirí ceisteanna a fhreagairt ar CHEITHRE THOPAIC mar seo a leanas:
  Ní mór topaic amháin a roghnú as *gach* grúpa ar leith de na trí ghrúpa agus is féidir an *ceathrú* topaic a roghnú as ceann ar bith de na *trí* ghrúpa.

- Tá 100 marc ag gabháil le gach topaic.

- Na fótagraif atá ag teastáil chun na ceisteanna ar na Topaicí 8 agus 10 a fhreagairt, tá siad le fáil ar pháipéar leis seo a bhfuil **X** marcáilte air.

## GRÚPA 1: Na Topaicí 1 go 4

**Topaic 1. An Aithin i mBun Cogaíochta.** **[100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) "Ansin thosaigh siad ar an milleán a chur ar Pheiricléas toisc gur áitigh sé orthu dul chun cogaíochta agus iad á rá go raibh sé freagrach as an mí-ádh go léir a tháinig orthu." (Túicídidéas, *Stair Chogadh na Peilipinéise*)

(a) Ina óráid leis an gcomhthionól sa bhliain 430 R.Ch., conas a chosain Peiricléas é féin agus conas a thug sé a gcuid muiníne ar ais do na hAithnigh? (35)

(b) Cén fáth, dar le Túicídidéas, a raibh bás Pheiricléas ina thubaiste chomh mór sin don Aithin? (15)

(ii) (a) Déan achoimre ar na príomhargóintí a rinneadh ar gach taobh den díospóireacht faoi ghéilleadh na Méileasach. (Agallamh Mhéileas) (35)

(b) Cad é do thuairim maidir le dearcadh na nAithneach san agallamh seo? (15)

(iii) (a) Mínigh cén fáth ar chinn pobal na hAithne sa bhliain 411 R.Ch. glacadh le riail an Cheithre Chéad agus deireadh a chur leis an daonlathas. (30)

(b) Déan cur síos ar na himeachtaí a raibh briseadh na hOlagarcachta mar thoradh orthu. (20)

(iv) Déan comparáid idir ceannaireacht an ghinearáil Spartaigh, Gylippus, agus ceannaireacht an cheannaire Aithnigh, Nicias, sa bhriseadh ar na nAithnigh ag Sioracús. (50)

---

**Topaic 2. Alastar Mór.** **[100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) Ag Abhainn Granicus a bhain Alastar a chéad bhua amach ar arm Peirseach.

(a) Tabhair cuntas gearr ar chúrsa an chatha. (30)

(b) Cad atá le foghlaim againn ón gcath seo faoi cháilíochtaí ceannaireachta Alastair? (20)

(ii) (a) Déan cur síos ar an gcaidreamh a bhí ag Alastar lena athair, Pilib. (30)

(b) An dóigh leat gurbh ullmhúchán maith é tógáil Alastair dá ghníomhréim sa todhchaí? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (20)

(iii) (a) Déan cur síos ar thinneas deiridh agus ar bhás Alastair. (35)

(b) Tar éis duit Plútarc agus Airrianas a léamh, cén chúis is dóchúla, dar leat, le bás Alastair? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (15)

(iv) D'ainneoin a chuid éachtaí iontacha go léir, ní raibh in Alastar ach tíoránach cruálach díoltasach ó chroí. Déan an ráiteas seo a phlé. (50)

---

## Topaic 3. An Saol agus Cúrsaí Smaointeoireachta i bPoblacht Dhéanach na Róimhe. [100]

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) (a) Tabhair breac-chuntas ar na cúiseanna ar chinn Brutus, Cassius agus na comhchealgairí eile ar Chaesar a fheallmharú sa bhliain 44 R.Ch. (30)

(b) An aontaíonn tú go bhfuil cur síos Phlútarc ar an bhfeallmharú beoga agus drámata ar bhealach ar leith? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (20)

(ii) (a) Tabhair cuntas ar Chath Pharsalus inar rug Caesar an bua ar Phoimpéas. (35)

(b) Déan trácht ar ghinearáltacht Phoimpéas sa chath seo. (15)

(iii) (a) Déan cur síos achomair ar an ról a d’imir Cató i saol polaitíochta Phoblacht Dhéanach na Róimhe. (35)

(b) Ar mheas tú gur dhuine inmholta é Cató? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (15)

(iv) (a) Tar éis duit na dánta dualgais le Catallus ar do chúrsa a léamh, tabhair cuntas ar an gcumann grá idir an file agus a ghrá geal, Lesbia. (35)

(b) Ar thaitin sé leat na dánta a léamh?
Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (15)

---

## Topaic 4. Na Staraithe Rómhánacha. [100]

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) (a) Tabhair breac-chuntas ar na tosca ba chúis le ceannairc Bhuadaca, Banríon na nIceni, in aghaidh na Róimhe. (15)

(b) Déan cur síos ar chúrsa an éirí amach. (35)

(ii) Cé acu den bheirt staraithe ar do chúrsa is fearr leat, Tacatas nó Séatóinias?
Déan tagairt do na téacsanna mar thacaíocht le do fhreagra. (50)

(iii) Mínigh cén fáth, dar le Séatóinias, a raibh “ilghairdeas fada leitheadach” ann nuair a chualathas faoi bhás Néaró. (50)

(iv) Tabhair cuntas ar shaol agus ar bhás Ghearmánacas, nia le Tibir. (50)

---

**GRÚPA II: Na Topaicí 5 go 7**

**Topaic 5. An Drámaíocht Ghréagach.** **[100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Ta caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) Déan ról an Chóir sa dráma *Méide* le hEoiripidéas a phlé. Ba chóir duit díriú go speisialta i do fhreagra ar dhearcadh an Chóir i leith (a) Méide agus (b) Iasón. (50)

(ii) Is cáineadh soiléir cinnte é an dráma *Proiméitéas Faoi Chuibhreacha* le hAescaileas ar an gcumhacht thíoránta.

Déan an ráiteas seo a phlé, agus tagairt agat don dráma mar thacaíocht le do fhreagra. (50)

(iii) Déan ról Dhinísias sa dráma *Na Froganna* le hAristophanes a phlé. (50)

(iv) Sa dráma *Éideapús Rí* le Sofaicléas, níl smacht ar bith ag Éideapús ar ar a tharla dó sula dtagann sé chun na Téibhe ach léiríonn sé a mhórgacht sa bhealach a dtugann sé aghaidh ar a chinniúint.

Déan an ráiteas seo a phlé agus tagairt agat don dráma mar thacaíocht le do fhreagra. (50)

---

**Topaic 6. An Eipic Ársa.** **[100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) Sainaithin agus déan comparáid idir gnéithe na *Tána* mar eipic phríomhúil (ó bhéal) agus gnéithe an *Aeinéid* le Veirgil mar eipic thánaisteach (liteartha). (50)

(ii) (a) Tabhair cuntas gearr ar eipeasóid an Chioclóip san *Odaisé* le Hóiméar. (30)

(b) Cad a léiríonn an eipeasóid seo faoi charachtar Odaiséas? (20)

(iii) Déan comparáid idir an chaoi a léirítear carachtar Odaiséas san *Odaisé* le Hóiméar agus an chaoi a léirítear Uiliséas san *Aeinéid* le Veirgil. (50)

(iv) Meastar le fada gurb é Leabhar 4, a dhéanann plé ar chumann grá Aeinéas le Díodó, an leabhar is mó agus is tochtmhaire de leabhair uile an *Aeinéid* le Veirgil.

An aontaíonn tú leis an ráiteas seo? Bíodh tagairt don téacs agat mar thacaíocht le do fhreagra. (50)

---

**Topaic 7. Scríbhneoirí na Tréimhse Ágastaí. [100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) B'fhearr le scríbhneoirí na Tréimhse Ágastaí go coitianta an tuath ná an chathair agus an t-am a chuaigh thart seachas an t-am i láthair.

Déan an ráiteas seo a phlé agus tagairt agat do na sleachta dualgais ó **dhá cheann** ar bith de na scríbhneoirí ar do chúrsa. (50)

(ii) (a) Déan achoimre ar scéal Earcail agus Chacas le Veirgil. (30)

(b) An dóigh leat gur scéalaí maith é Veirgil?

Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (20)

(iii) (a) Cad iad na príomhthéamaí a ndéanann Proipeirtias iniúchadh orthu sna dánta dualgais atá ar do chúrsa? (30)

(b) Ainmnigh an dán le Proipeirtias is fearr leat.

Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (20)

(iv) (a) Tabhair cuntas gearr ar conas a chosain Horatius agus a bheirt chompánach an droichead i gcoinne na nÉatruscach sa scéal *Horatius ar an Droichead* le Livias. (20)

(b) Dar leat, cad a dhéanann cuntas Livias chomh drámata sin? (15)

(c) Conas a úsáideann Livias an scéal seo chun críonnacht Sheanad na Róimhe a mholadh? (15)

---

**GRÚPA III: Na Topaicí 8 go 10**

**Topaic 8. Ealaín agus Ailtireacht i Sochaí na Gréige. [100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) Léiríonn **Fótagraf A ar Pháipéar X** plean theampall Artaimís ag Ephesus.

(a) Cén t-ord den ailtireacht Ghréagach inar tógadh an teampall seo? (5)

(b) Cad iad na hábhair a úsáideadh chun é a thógáil? (10)

(c) Agus téarmaí cearta ailtireachta á n-úsáid agat, tabhair cur síos iomlán ar an teampall seo. (35)

(ii) Léiríonn **Fótagraf B** ar **Pháipéar X** vása ó Caere sa sean-Etruria.

(a) Cén t-ainm atá ar an gcineál seo vása? (5)

(b) Cén fheidhm a bhí ag vásaí dá leithéid? (5)

(c) Déan trácht ar ábhar agus ar ornáideachas an vása seo. (25)

(d) Mínigh go hachomair conas a cuireadh ornáideachas dubhfhíorach ar vásaí dá leithéid. (15)

(iii) Déan staidéar ar an dealbhóireacht a léirítear i bh**Fótagraf C** ar **Pháipéar X**.

(a) Ainmnigh an duine atá ina sheasamh agus an naíonán atá ar a bhaclainn aige. (10)

(b) Ainmnigh dealbhóir na deilbhe seo. (5)

(c) Cén tréimhse den dealbhóireacht Ghréagach lena mbaineann an dealbh seo? (5)

(d) Sainaithin gnéithe ar leith den saothar seo ar eiseamláirí tipiciúla iad den tréimhse seo. (30)

(iv) Léiríonn **Fótagraf D** ar **Pháipéar X** meatóp ón bPartanón san Aithin.

(a) Sainaithin na fíoracha a léirítear sa mheatóp. Cad dó a seasann siad? (15)

(b) Cad iad na téamaí eile a léirítear ar na meatóip ar an bPartanón? (15)

(c) Ainmnigh an dealbhóir a raibh ceannas foriomlán aige ar dhealbhóireacht an Phartanón. (5)

(d) Cén tréimhse den dealbhóireacht Ghréagach lena mbaineann an meatóp seo? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (15)

**Topaic 9. An Fealsamh sa tSochaí: Staidéar ar Shócraitéas agus ar Phlatón.** **[100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) (a) Cén fáth a ndeachaigh Platón go dtí Sioracús den chéad uair? Bíodh tagairt don *Seachtú Litir* le Platón agat mar thacaíocht le do fhreagra. (30)

(b) An aontaíonn tú nár bhain Platón a chuid spriocanna amach i Sioracús riamh?

Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (20)

(ii) (a) Conas a mholann Platón a roghnófaí na Fealsúna Rí sa todhchaí ina stát idéalach? (25)

(b) Cén cineál oideachais a mheas Platón a bheith oiriúnach chun na Fealsúna Rí sa todhchaí a oiliúint? (25)

(iii) (a) De réir Platón, cén ról ba chóir don cheol a imirt ina chóras idéalach oideachais? (30)

(b) Conas a chosnaíonn Platón a chuid tuairimí faoin gceol? (20)

(iv) Ba chóir go mbeadh *An Phoblacht* le Platón ina ábhar riachtanach léitheoireachta ag gach polaiteoir.

An aontaíonn tú leis an ráiteas sin? Bíodh tagairt agat don téacs mar thacaíocht le do fhreagra. (50)

---

**Topaic 10. Ealaín agus Ailtireacht na Rómhánach.** **[100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) Déan staidéar ar phlean Timgad a léirítear i bh**Fótagraf E** ar **Pháipéar X** agus freagair na ceisteanna seo a leanas.

(a) Sainaithin na gnéithe atá marcáilte ag **aa, d, k, l, m.** (15)

(b) Cá bhfuil Timgad suite agus cén fáth ar chuir an tImpire Tráian é á thógáil ansin? (10)

(c) Cén fhianaise atá ann gur mhair Timgad go maith isteach sa chúigiú haois AD? (10)

(d) Cad a léiríonn an plean faoi chaighdeán na beatha a bhí ag áitritheoirí Timgad? (15)

(ii) (a) Sainaithin an droichead a léirítear i bh**Fótagraf F** ar **Pháipéar X**. (10)

(b) Ainmnigh an tImpire a d’ordaigh é a thógáil. (5)

(c) Cad a insíonn droichid dá leithéid dúinn faoi na Rómhánaigh agus a nImpireacht? (15)

(d) Déan trácht achomair ar phríomhghnéithe ailtireachta an droichid seo. (20)

(iii) Léiríonn **Fótagraf G** agus **Fótagraf H** bustaí de bheirt bhan aosta.

(a) Cad iad na bealaí a bhfuil na bustaí portráide seo ina n-eiseamláirí tipiciúla Rómhánacha? (20)

(b) Cuir an dá bhusta portráide i gcomparáid le chéile. (20)

(c) Déan trácht ar léiriú na súl i ngach ceann de na bustaí portráide. (10)

(iv) Déan staidéar ar **Fhótagraf I** ar **Pháipéar X**.

(a) Cén t-imeacht a léirítear sa mhósáic seo? (5)

(b) Déan trácht ar ráiteas Wheeler: “Is cinnte go léirítear radharc clamprach an chatha le ciall bheoga don drámaíocht agus déantar fíoriarracht idirdhealú idir na pearsana atá i gceist.” (30)

(c) Mínigh go hachomair conas a dhéantar mósáicí. (15)

**LEATHANACH BÁN**

LEATHANACH BÁN